06

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL



1707
Clárlann na nGníomhas bunaithe

1832
Oifig aistrithe go dtí a suíomh reatha i Sráid Henrietta

1892
Clárlann na Talún bunaithe

1981
Tosaithe ar thaifid Chlárlann na Talún a chur ar ríomhaire

1999
Seoladh seirbhís ar-líne Chlárlann na Talún

2004
Taifid uile Chlárlann na Talún ar fáil go leictreonach

2006
An tÚdarás Clárúcháin Maoine bunaithe

Téann ÚCM isteach i gCóras eolais Talún na hEorpa

Ón gCleite go dtí an Plois Leictreonach

An tÚdarás Clárúcháin Maoine

Clárlann na Talún
Clárlann na nGníomh

Ár Misean

Cosaint ar chreatlach dlíthiúil, sóisialta agus eacnamaíochta úinéireachta maoine

An Clár

Brollach ó Chathaoirleach an Údarás Clárúcháin Maoine 2

Forbhreathnú an Phriomhfheidhmeannaigh 4

An Bhliain atá faoi Athbhreithniú 6

An tAcht um Chlárú Gníomhas agus Teidil 200611

Tionscadal Digiteach Mapála 14

Athchóiriú agus Nua-aoisiú 16

Trí chéad bliain Chlárlann na nGníomhas 17

Cumainn Eorpacha 18

Cairt do Chustaiméirí 19

Scrúdan Seachtrach 21

Seimineáir 22

Acmhainní Foirne 23

Tuarascáil Airgeadais 24

Teagmhálacha 28

Brollach ó Chathaoirleach an Údarás Clárúcháin Maoine

Ba bhliain an-shuntasach ó thaobh athruithe a bhí ann i 2006 do Chlárlann na nGníomhas agus do Chlárlann na Talún (na Clárlanna). Bhunaigh an Tánaiste agus an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, Mr. Michael McDowell, T.D. An tÚdarás Clárúcháin Maoine ar an 4ú Samhain 2006. De réir forálacha an Achta um Chlárú Gníomhas agus Teidil 2006, tugadh freagracht bainistithe agus rialaithe an dá Chlárlann don Údarás.

Eochairmhandáid reachtúil is ea é ag an Údarás Clárúcháin Maoine clárú agus úinéireacht talún a chur chun cinn agus a fhairsingiú. Faoi láthair, tá tuairim is 85% de theidil cláraithe i gClárlann na Talún. Is é an dúshlán atá roimh an Údarás ná an clárú um úinéireacht a shíneadh go dtí an 15% de theidil atá fágtha chomh luath agus is féidir é.

Táthar tar éis aghaidh a thabhairt ar an síoréileamh a eascraíonn ó fhás dinimiciúil na heacnamaíochta trí chlár um nua aoisiú lánchuimsithe a fhorfheidhmiú go rathúil. Tá clár um nua-aoisiú na gClárlanna tar éis feabhsuithe suntasacha táirgeachta a sheachadadh, fianaise de seo is ea an fhíric go raibh líon na n-idirbheart dlíthiúla a tugadh chun críche i 2006 125% níos airde ná mar a bhí i 1999. Léiriú de rathúlacht an chláir um nua-aoisiú na gclárlanna ab ea an dámhachtain a bronnadh air don chlár is fearr ina chatagóir ag Dámhachtainí Ríomhsheirbhísí Rialtas na hÉireann i 2005.

Bhí breis rathúlachta le teacht agus bhí an-áthas orm a bheith i láthair ag Dámhachtainí Ríomhsheirbhísí Rialtas na hÉireann na bliana seo, níos luaithe i mbliana, nuair a bhuaigh an tÚdarás Clárúcháin Maoine an "Catagóir Stáit" ab fhearr don chéadchéim dá Chóras Digiteach Mapála (DmapS). Cuimsíonn Céim 2 den Chóras Digiteach Mapála, clár uaillmhianach, digitiú a dhéanamh ar theorainneacha gach dáileacht chláraithe talún in Éirinn i gcaitheamh na gceithre bliana atá romhainn amach.

Cé go raibh éachtaí suntasacha déanta ag an gclár um nua-aoisiú, lean an fás thar a bheith suntasach gníomhaíochta ag sárú an dul chun cinn suntasach táirgeachta a baineadh amach. Tá an fás atá ag teacht ar an mbearna idir na hiarratais a bheith á gcur isteach agus an acmhainneacht phróiseála ina dhúshlán ollmhór agus mar ábhar priacail don Údarás Clárúcháin Maoine.

Brollach ó Chathaoirleach an Údarás Clárúcháin Maoine

Ar leibhéal na hEorpa, bhí an tÚdarás Clárúcháin Maoine i measc grúpa de chomhlachtaí náisiúnta um chlárú talún ó thíortha rannpháirteacha ar fud na hEorpa a chuaigh isteach i gclár Ríomhábhair Chomhphobal na hEorpa, i Mí na Samhna 2006, dar teideal "Seirbhís Faisnéise Talún na hEorpa" (EULIS). Cuimsíonn an tseirbhís seo, go bhfuiltear ag súil léi a bheith beo i lár na bliana 2007, rochtain idirnáisiúnta ar-líne ar chlárlanna talún agus maoine a chruthú sna tíortha rannpháirteacha. Soláthróidh sé seo seirbhís ríthábhachtach do chleachtóirí atá ag gníomhú thar ceann cliaint gur mian leo maoin a cheannach agus a dhíol sna dlínsí sin.

Sonraíonn an Tuarascáil Bhliantúil seo, an chéad ceann riamh ó bunaíodh an tÚdarás Clárúcháin Maoine i Mí na Samhna 2006, na heochairéachtaí a bhain an tÚdarás Clárúcháin Maoine amach i rith 2006. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le Ms. Catherine Treacy, an Príomhfheidhmeannach, Lucht Bainistíochta agus Foirne an Údaráis Chlárúcháin Maoine don tiomantas agus don díograis a léiríodar chun seirbhís nua-aimseartha agus éifeachtach a sheachadadh dá gcustaiméirí agus táim an-bhródúil as a bheith rannpháirteach le heagraíocht fhadcheannach dá leithéid. Táim muiníneach gur féidir leis an Údarás Clárúcháin Maoine cur leis na héachtaí atá bainte amach acu go dtí seo agus go gcuirfidh siad clárú na dteideal chun cinn chomh maith le cainéil fheabhsaithe um sheachadadh seirbhíse a chur chun cinn d'fhonn éilimh ár gcustaiméirí agus ár n-eacnamaíochta a shásamh.



Gerard McCaughey

Cathaoirleach, Údarás Clárúcháin Maoine.

Forbhreathnú an Phíomhfheidhmeannaigh

Tá an-áthas orm Tuarascáil Bhliantúil an Údarás Clárúcháin Maoine (PRA) a chur i láthair, tuarascáil a shonraíonn méid agus raon na ngníomhaíochtaí a bhí ar bun ag an eagraíocht seo i rith 2006. Léiríonn an tuarascáil athrú stádais na heagraíochta go dtí an PRA a bunaíodh ar an 4ú lá de Mhí na Samhna 2006. Cé gur ócáid ollmhór ab ea nádúir stairiúil an athraithe seo, bhí forbairtí suntasacha eile ann chomh maith go raibh tionchar acu ar an eagraíocht, ina measc bhí:

- Buacacht leanúnach i gcúrsaí gnó:
  - Iontógáil na ndéileálacha i gClárlann na Talún suas 14% ar fhigiúir na bliana 2005
  - Líon na gclárúchán i gClárlann na nGníomhas suas 3%
- Céim 1 dár dtionscadal Digiteach Mapála ag teacht chun críche agus Céim 2 den tionscadal céanna á thosú
- Achtú an Achta um Chlárú Gníomhas agus Teidil 2006 atá tar éis athruithe tábhachtacha a chur i bhfeidhm maidir le feidhmiú na heagraíochta
- Athbhrandáil ar ár Seirbhís Rochtana Leictreonach (EAS), seirbhís a bhuaigh dámhachtain mar landdirect.ie
- Bunú réamhghrúpa i Ros Comáin mar ullmhúchán do dhílárú 230 den bhfoireann
- Leathnú an chláraithe éigeantaigh go trí chontae breise. Ba é seo an chéad leathnú dá leithéid ó 1970
- Méadú na dtairsí um ghlacadh na dteastas ag aturnaetha go €1m do chéadchlárúchán
- Tabhairt isteach iarratas ar Theideal "Srianta"
- Teacht Seirbhíse Faisnéise Talún na hEorpa (EULIS)
- Foilsiú Tuarascála An Choimisiún um Athchóiriu an Dlí/Bearing Point ar Ríomhthíolacadh
- Foilsiú An Bhille um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha
- Seoladh comóradh trí chéad bliain Chlárlann na nGníomhas

Forbhreathnú an Phíomhfheidhmeannaigh

- An dámhachtain don Nuálaíocht agus don Chleachtas is Fearr a fuarthas ón gCumann Dámhachtana Faisnéise Tíreolaíochta i Londain don Tionscadal Digiteach Mapála

Tá cur síos níos fairsinge déanta ar na nithe uile thuasluaite sa tuarascáil seo.

Cé go bhfuil sonrú agus doiciméadú cuimsitheach déanta ar fhás thar na bearta eacnamaíocht na hÉireann, tá earnáil amháin atá go mór chun cinn ar na hearnálacha eile - is é sin margadh na maoine. Tá fianaise de seo sna staitisticí ar leibhéal na ngníomhaíochta ar fud na heagraíochta mar atá sonraithe sa tuarascáil seo. De thoradh úsáid straitéiseach na dteicneolaíochtaí nua-aoiseacha agus de thoradh tionscadail shuntasacha a bheith á dtabhairt chun críche le blianta beaga anuas, tá laghdú mór tagtha ar an moill a bhíodh ann i mórán réimsí gníomhaíochta agus i gcásanna áirithe tá deireadh ar fad curtha leis na moilleanna sin. Fiú is bliain eile láidir táirgeachta ag an Údarás níorbh fhéidir freastal ar na héilimh dá sheirbhísí clárúcháin i rith 2006. Cé go raibh sin díomách caithfear féachaint ar an scéal ina chomhthéacs. Ó 2002 ar aghaidh, gan aon mhéadú tagtha ar na leibhéil foirne, táthar tar éis méadú táirgeachta de 45% a sheachadh. Sa tréimhse chéanna sin, ar a shon sin, tháinig méadú de 58% ar an iontógáil oibre. Má fhéachtar air thar thréimhse níos sia – ó 1999 ar aghaidh, an bhliain ar chuireamar tús lenár gcóras ITRIS, tá méadú de 125% tagtha ar mhéid na táirgeachta. Cé go mbainfear méadaithe táirgeachta amach ón Tionscadal Digiteach Mapála agus ó thionscnaimh leanúnacha eile, ní leor iad chun an iontógáil a shásamh agus déileáil leis an gcásobair reatha agus beidh seo ina mhórdhúshlán don Údarás.

I rith 2006, tháinig ioncam an Údarás Clárúcháin Maoine go dtí €78.7milliún. Ba é an fíorchaiteachas a bhí ann i 2006 ná €38.2m, rud ab ionann is farasbarr ioncaim ar chaiteachas de €40.5m. Nuair a chuirtear costais nóiseanacha d'aoisliúntais a íoc le fostaithe ar scor, costais chóiríochta agus costais a bhaineann le seirbhísí arna soláthar ag Ranna eile Rialtais san áireamh, titeann an farasbarr go dtí €29.5m.

Trí chomhtharlú staire, tharla bunú an ÚCM nach mór 300 bliain ó bunaíodh Clárlann na nGníomhas i 1707, agus tá comóradh trí chéad bliain Chlárlann na nGníomhas á cheiliúradh i mbliana. Ba mhaith liom an deis seo a thapú le gach rath a ghuí ar an gCathaoirleach agus ar bhaill an Údarás Clárúcháin Maoine agus iad i mbun a róil nua. Táim ag tnúth le bheith ag obair mar Phríomhfheidhmeannach in éineacht leis an Údarás, le tacaíocht leanúnach á fháil ó fhoireann thiomanta, chumasach agus sciliúil na heagraíochta, is sinn ag obair as lámha a chéile chun seirbhís clárúcháin maoine éifeachtach, freagrach agus éifeachteach ó thaobh costais de a sholáthar, rud atá ríthábhachtach dár n-eacnamaíocht.

Catherine Treacy

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

An Bhliain atá faoi Athbhreithniú

LÍON NA N-IDIRBHEARTA

Tháinig ardú breise de 14.8% ar iontógáil na n-iarratas a lóisteáladh do chlárúchán i gcaitheamh 2006 i bhfrithsuíomh leis an iontógáil do 2005.

Sa chuid seo déantar imlíniú ar líon na ngníomhaíochtaí i gcatagóirí éagsúla oibre agus déantar soláthar ar an bhfaisnéis ábharthach comparáide do bhlianta beaga anuas.

CLÁRLANN NA TALÚN

	Bliain	Iontógáil	Aschur
Iarratais+	2006	247,024	225,230
	2005	215,613	226,668
	2004	202,540	205,815
Deimhniú*	2006	333,522	337,424
	2005	352,820	360,487
	2004	348,850	352,029

+Cuimsíonn na figiúir ar "Iarratais" déileálacha, iarratais faoi Alt 49, Céad Chlárúcháin agus Sceidil Choimisiún Talún na hÉireann. D'fhéadfadh iarratas amháin scata clárúchán a ghiniúint.

* Déanann na figiúir ar dheimhniúchán comhcheangal ar iarratais ar Chóipeanna Deimhnithe Fóiliónna, Pleananna Comhadaithe, Deimhnithe Talún, Deimhnithe Muirir, Cóip Deimhnithe Ionstram agus torthaí ar Chuardaigh Mapa Oifigiúil, a deimhníodh agus a eisíodh.

De thoradh Ailt 73 den Acht um Chlárú Gníomhas agus Teidil, 2006 agus an chlár comhairliúcháin a bhaineann leis, tá laghdú ag teacht ar líon na n-iarratas ar Dheimhnithe Talún agus ar Dheimhnithe Muirir.

Mar gheall ar an gcóras Digiteach Mapála a thabhairt isteach, tá treocht atá ag teacht chun cinn aitheanta ar laghdú na n-iarratas ar Chóipeanna Deimhnithe de Phleananna Comhadaithe. Bhíothas ag súil leis sin mar thoradh ar infhaighteacht faisnéise an mhapa ar-líne trí DmapS.

SEIRBHÍSI EILE CHLÁRLANN NA TALÚN

I gcaitheamh 2006 tháinig méadú suntasach ar líon na gcuardach a rinne an fhoireann agus ar líon na ndoiciméad a soláthraíodh le scrúdú thar an idirlíon agus ag Cuntair phoiblí.

	2006	2005	2004
Scrúduithe Fóilió	743,536	712,652	510,279
Cuardaigh Ainm-threorach	228,919	207,689	155,013
Cuardaigh Mapála	61,471	71,138	66,040
Iomlán	**1,033,926**	**991,479**	**731,332**

FORÁS CHLÁR NA TALÚN

Mar is léir ó na figiúir seo a leanas bhí forás leanúnach ar líon na bhfóiliónna in 2006:

- 1,770,233 ar 31ú Nollaig 2006
- 1,716,662 ar 31ú Nollaig 2005
- 1,647,679 ar 31ú Nollaig 2004
- 1,598,742 ar 31ú Nollaig 2003

An Bhliain atá faoi Athbhreithniú

CLÁRLANN NA NGNÍOMHAS

Ainneoin leibhéal na n-iarratas a bheith níos mó ná riamh tá Clárlann na nGníomhas cothrom le dáta agus tá fós ag oibriú le "obair idir lámha". Chun críche comparáide tugtar na figiúir ábharthacha do 2004 agus 2005 chomh maith.

	2006	2005	2004
Clárúcháin	95,684	92,859	83,464
Cuardaigh	348,342	329,281	295,790
Cóipeanna Oifigiúla	5,042	5,148	5,081

BUNCHÍOSANNA

Feidhmíonn an tÚdarás Clárúcháin Maoine an Scéim Cheannaigh Bunchíosanna faoin Acht um Thiarnaí Talún agus Tionóntaí (Bunchíosanna) (Uimh. 2) 1978. Faoin scéim seo tig le húinéirí maoine léasach a mbunchíos a cheannach trí thoiliú nó trí phróiseas eadrána. Ó 1978 i leith, tá a gcuid bunchíosanna ceannaithe ag 78,367 iarratasóir agus tá feo simplí a dtithe cónaithe faighte acu faoin scéim dhílsithe deimhnithe. Léiríonn an tábla seo a leanas an ghníomhaíocht i 2006 agus figiúir chomparáideacha do 2005.

	Bliain	Iontógáil	Aschur
Cásanna Eadrána	2006	749	866
	2005	666	479
Cásanna Toilithe	2006	826	718
	2005	878	734
Iomlán	2006	1,575	1,584
	2005	1,544	1,213

FORÁS GNÍOMHAÍOCHTA

Tá an clár leanúnach athraithe agus nuála san Údarás Clárúcháin Maoine ina chúis i gcónaí le feabhas ar cháilíocht na seirbhíse atá ar tairiscint ag an eagraíocht. I réimsí áirithe gníomhaíochtaí tá deireadh ar fad curtha le moilleanna e.g. scrúdú ar fhóilióna agus pleananna comhadaithe agus soláthar seirbhíse ainm-threorach. I gcinn eile, tá feabhas suntasach ar sheachadadh seirbhíse.

An Bhliain atá faoi Athbhreithniú

In éineacht leis an bhforás ar úsáid na seirbhísí ar-líne, tá fás substaintiúil tagtha chomh maith ar líon na ndéileálacha a tugadh i gcrích – príomhréimse oibre Chlárlann na Talún ar a bhfuil breis is 80% den bhfoireann fostaithe.

Ó seoladh na córais nua i 1999 agus de thoradh athruithe suntasacha próiseas, tá fás 125% tagtha ar líon na ndéileálacha a chríochnaítear in aghaidh na bliana.

Ainneoin an dea-mhéadaithe seo ar tháirgíocht, de dheasca síormhéadú éilimh ar na seirbhísí, níorbh fhéidir, leis na hacmhainní a bhí ar fáil, iontógáil agus aschur a chur ar chothrom i 2006.

Bliain	Iontógáil	Aschur	Clárúcháin*
2004	197,922	201,655	330,239
2005	211,167	221,815	366,005
2006	242,476	220,072	360,084

*D'fhéadfadh iarratas amháin clárúchán amháin nó scata clárúchán a ghiniúint.

IDIRBHEARTA LEICTREONACHA

Mar a fheicfear ón tábla thíos, tháinig fás leanúnach ar líon na gníomhaíochta agus ar líon na rannpháirtithe ar sheirbhísí ar-líne i 2006.

	2004	2005	2006
Líon na Síntiúsóirí	7,500	9,200	10,926
Líon na n-idirbhearta ar-líne	769,058	1,044,073	1,074,617

Tá an fás ar líon na dtaifead agus na seirbhísí breise ina n-údar le húsáid méadaithe an-mhór agus is dóichí go leanfaidh an treocht seo go ceann i bhfad. Faoi dheireadh 2006 bhíomar sa riocht:

- Go raibh thar 85% de bhonn custaiméirí traidisiúnta Chlárlann na Talún (aturnaetha, institiúidí airgeadais, taighdeoirí dlí, údaráis phoiblí agus áitiúla etc.) ag rochtain ar mhórán de na seirbhísí a bhí ar fáil ar líne.
- Go raibh bunachar bhonn custaiméireachta díreach Chlárlann na Talún á leathadh le cuimsiú a dhéanamh ar ghníomhairí eastáit, suirbhéirí, ailtirí agus innealtóirí
- Gur ar-líne a dhéantar breis is 90% de na hiarratais ar sheirbhísí áirithe
- Go ndéantar breis is 4,000 idirbheart gnó in aghaidh an lae trí landdirect.ie

landdirect.ie

SUÍOMH GRÉASÁIN (www.prai.ie)

Úsáideadh an suíomh gréasáin le heolas a fhoilsiú do chustaiméirí maidir le hathruithe agus forbairtí laistigh den ÚCM. Go háirithe i rith 2006 déanadh foilsiú agus nuashonrú ar eolas maidir leis an Tionscadal Digiteach Mapála ar bhonn rialta.

Tugadh breis is 1,750,000 cuairt ar an leathanach baile i rith 2006, rud is ionann le méadú 31% ar 2005.

Déanadh rochtain ar leathanach baile landdirect.ie geall le milliún uair.

Déanadh rochtain ar Rannóg na gCeisteanna Coitianta (CCanna) den suíomh breis is 27,000 uair.

Sholáthair an áis Thagartha/Aiseolais, a choimeádann buantaifead ar thagairtí custaiméirí agus ar fhreagraí na foirne, aiseolas úsáideach ó chustaiméirí maidir le seachadadh seirbhísí.

Le linn 2006 leanamar ag cur ábhar trí Ghaeilge leis an suíomh gréasáin agus fuarthas breis is 5,300 amas ar an leathanach baile Gaeilge.

An tAcht um Chláru Gníomhas agus Teidil 2006

BUNÚ AN ÚDARÁIS CHLÁRÚCHÁIN MAOINE

Achtaíodh An tAcht um Chlárú Gníomhas agus Teidil 2006 [Acht 2006] ar an 7ú Bealtaine 2006. Ar cheann de phríomhaidhmeanna na reachtaíochta bhí athstruchtúrú agus nua-aoisiú na struchtúir um chlárú talún sa Stát, tríd an Údarás Clárúcháin Maoine a bhunú. Faoi fhorálacha Achta 2006, bunaíodh an tÚdarás Clárúcháin Maoine (an tÚdarás) ar agus ón 4ú Samhain 2006.

Is é an tÚdarás "an t-údarás clárúcháin" anois. Chuir Alt.4 (2) d'Acht 2006, tagairtí don Údarás in áit tagairtí don Chláraitheoir in Acht 1964. Tá foláracha i gCuid 2 d'Acht 2006 maidir le bunú an Údaráis ag cuimsiú a bhallraíocht, a fheidhmeanna agus a fhoirne.

Comhlacht reachtúil le bord ionadaíoch is ea an tÚdarás. Is comhlacht corparáideach é le comharbacht bhuan agus tig leis agra a déanamh agus a bheith inagartha ina ainm corparáideach. Tá sé neamhspleách i gcleachtadh a chuid feidhmeanna agus tá seala oifigiúil aige. Eochair-alt d'Acht 2006 is ea Alt 10 a leagann amach príomhfheidhmeanna an Udaráis mar a leanas:

- Bainistiú agus rialú ar Chlárlann na nGníomhas agus Chlárlann na Talún
- Cur chun cinn agus fhorleathadh a dhéanamh ar chlárú ar úinéireacht ar theidil ar thalamh
- Déileáil le hiarratas faoi Chuid lll den Acht um Thiarnaí Talún agus Tionóntaí (Bunchíosanna) (Uimh. 2) 1978
- Dul i mbun nó coimisiúnú a dhéanamh, nó dul i bpáirt nó cuidiú le, tionscadail taighde agus gníomhaíochtaí maidir le clárú ar úinéireacht talún, ag áireamh tiomsú sonraí staidreamh a theastódh do dhea-phleanáil, forbairt agus soláthar seirbhísí maidir lena leithéid de chlárú.
- Aon fheidhmeanna eile a leagfadh an tAire air a chomhlíonadh
- An tAire a choimeád ar an eolas maidir le dul chun cinn i gclárú úinéireachta talún agus cuidiú leis nó léi i bhforbairt polasaí maidir lena leithéid de chlárú.

Mar a leanas atá ballraíocht an Údaráis:

Cathaoirleach

Gerard McCaughey

Baill

John Shaw (ainmnithe ag an Ollchumann Dlí)
Máire R. Whelan, C.S.(ainmnithe ag Comhairle an Bharra)
Michael Edwards (Ionadaí Foirne tofa ag foireann an Údaráis)
Seamus Carroll (An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí)
Michael Kelly
Michael Cahill
Brid Carter
Emer Daly
Sean McClafferty
Una Woods

Príomhfheidhmeannach

Is í Catherine Treacy, iarChláraitheoir na nGníomhas agus Teidil, an chéad Phríomhfheidhmeannach ar an Údarás.

COMHLÍONADH CHLÁR NA TALÚN

I rith 2006, feidhmíodh an áirithe sin beartas le súil le brostú a dhéanamh ar fhorleathadh chlárú teideal.

D'ardaíodh an tairseach do chlárúchán i gcásanna Foirme 3 go dtí milliún euro.

Leathadh Céadchlárú Éigeantach (CÉ) go Contaetha an Longfoirt, Ros Comáin agus na hlarmhí.

Thug An tAcht um Chlárú Gníomhas agus Teidil 2006 [a thosaigh ar an 4ú Samhain] athruithe áirithe isteach le héifeacht ar chéadchlárú éigeantach:

- Cumasaíonn sé an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí soláthar a dhéanamh do CFR i limistéar sainithe, ar thalamh sainithe nó talamh sainithe i limistéar dá leithéid. Chiallódh seo mar shampla, foirgnimh ilaonad árasán trí chéile nó i limistéar sainithe
- Cumasaíonn sé an tAire le fhorleathadh trí ordú a dhéanamh ar an gcineál cur de láimh lena mbainfidh clárú éigeantach
- Déanann sé soláthar d'iarratais ar chéad-chlárú le teideal srianta. Is amhlaidh a bheidh an t-iarratasóir saor le teideal a chlárú faoi choinníollacha áirithe a bheidh ar taispeáint ar an gclár.

An tAcht um Chláru Gníomhas agus Teidil 2006

Tá foláireamh ann nach bhfeidhmíonn léas ar thalamh chláraithe leis an talamh a chur ar léas go dtí go gcláraítear an léasaí mar úinéir ar chlár na léasachta. i.e. tá an léas inchláraithe go héigeantach.

Cuireadh na tairseacha céadchlárúcháin agus aistrithe teideal ar fáil ar shuíomh gréasáin an Údaráis www.prai.ie rud a sholáthair rochtain éasca ar ábhar cuimsitheach míniúcháin maidir le céadchlárúchán [go háirithe deimhniú teidil] agus aistriú teidil. Eisíodh ábhar míniúcháin agus foirmeacha maidir le deimhniú teidil ó Chlárlann na nGníomhas ar chlárúcháin ábharthacha a bheith críochnaithe. Sholáthair foireann shinsearach dlí sa ÚCM léiriúcháin chuimsitheacha maidir le céadchlárúchán (go háirithe deimhniú ar theideal) agus aistriú teidil ar mhaithe le soláthróirí traenála dlíthiúil ina measc na hOllchumainn Dlí agus Barra.

Tá plé gníomhach ar siúl ag an Údarás ar na straitéisí agus na roghanna atá ar fáil do chomhlíonadh a mhandáid reachtúil clárú teidil a fhadú lena chuimsiú ina Chéadphlean Straitéisigh. Ar na beartais atá á meas tá:

- clár leanúnach ag fadú CFR
- fadú CFR go dtí forbairtí nua ilaonaid agus tithíochta
- nuashonrú ar reachtaíocht le soláthar do dheimhniú éigeantach ar iarratais sainithe chéadchlárúcháin
- Rialacha um Chlárú Gníomhas le háisiú a dhéanamh ar luathiamh Chlárlann na nGníomhas
- athbhrethniú ar chleachtais agus nósanna imeachta inmheánacha chéadchlárúcháin Chlárlann na Talún agus
- athbhreithniú ar Ordú Tháillí Chlárlann na Talún agus Chlárlann na nGníomhas d'fhonn dreasachtú a dhéanamh ar chéadchlárúchán trí dheimhniú.

Tionscadal Digiteach Mapála

TIONSCADAL DIGITEACH MAPÁLA

Sa tuarascáil ar imeachtaí do 2005, rinneamar tagairt do dhámhachtain sraithe de chonarthaí suntasacha le forfheidhmiú na teicneolaíochta Digití Mapála mar chuid den Slánchóras Eolais um Chlárú Teidil (ITRIS) na heagraíochta. Chuimsigh na conarthaí seo, a bronnadh i Meitheamh 2005, forbairt agus feidhmiú teicneolaíochta nua agus aistriú na mapaí páipéir atá ann go formáid leictreonach thar thréimhse de chúig bliana.

Roimh an tionscadal seo, bhí teorainneacha an 2.5 mhilliún nó mar sin de dháileachtaí talún a bhí cláraithe i gClárlann na Talún, chomh maith le méid na gceart éagsúla mar chearta slí agus píoblínte, ar choimeád agus ar taispeáint ar thart ar 32,000 Bileog de pháipéar Mapa (de mhéid A0 den chuid is mó) ag an eagraíocht. Déanfaidh digitiú na mapaí seo aclú ar an Údarás le freastal ar mhórán cuspóirí tábhachtacha, in measc:

- Seachadhadh ar sheirbhís feabhsaithe do chustaiméirí
- Soláthar ar leanúnachas feabhsaithe gnó agus acmhainní aisghabhála tubaiste
- Seachadadh ar áiseanna feabhsaithe cuardaigh agus rianaithe feidhmchlár agus eolas níos fairsinge bainistíochta
- An eagraíocht a chumasú lena mandáid faoin gclár 'Phlean Gníomhaíochta an tSochaí Faisnéise'/'Rialtas Leictreonach'
- Cuidiú leis an eagraíocht comhlíonadh a dhéanamh ar eochair-ról i dtionscnaimh mar Thionscnamh Sonraí Spásúlachta na hÉireann (ISDI) agus an tionscadal um Thiolacas Leictreonach
- An tÚdaras a chumasú lena bheith rannpháirteach go hiomlán i dtionscnaimh idirnáisiúnta mar Sheirbhís Faisnéise Talún na hEorpa (EULIS).

Comhuaineach le feidhmiú an tionscadal Digiteach Mapála, rinneadh athbhrandáil ar an Seirbhís Rochtana Leictreonach i rith 2006 faoin mbratach nua landdirect.ie. Gníomhaíonn an tairseach sin anois mar lárphointe don raon iomlán seirbhísí ar-líne atá ar tairiscint ag an eagraíocht.

Sular tháinig ann don chlár digiteach mapála, bhí ar chustaiméirí ar theastaigh uathu teacht ar mhionsonraí fóilió agus úinéireachta ó léarscáileanna Chlárlann na Talún turas pearsanta a thabhairt ar oifigí Chlárlann na Talún. Anois, áfach, tig le custaiméirí a úsáideann landdirect.ie. cuardaigh a dhéanamh thar an idirlíon.

Déanadh beochan ar an gcéad chéim den seirbhís nua mapaí ar-líne in Aibreán 2006. Dá thoradh sin, tig le custaiméirí anois cuardaigh ar-líne a dhéanamh ar léarscáil Chlárlann na Talún ar fud gach aon chontae sa tír. Roghnaíonn an custaiméir na haimsitheoirí geografaíochta ('síolphointí')

Tionscadal Digiteach Mapála

infheicthe trína mbrabhsálaí gréasáin agus ansin aisghabhann an córas an fóilió a bhaineann leis an bpointe sin. Tá na síolphointí forleagtha ar an sraith de léarscáileanna veicteora reatha Trasteilgean Mercator na hÉireann (ITM) le Suirbhéireacht Ordanáis na hÉireann (OSi) agus tá nasc déanta chomh maith ar ortafótagraif OSi leis an mbunachar sonraí GeoEolaíochta a táirgeadh i bpáirt ag An Post agus OSi. Úsáidtear sonraí an GheoEolaí le tacaíocht a thabhairt d'fheidhm gasaitéir le teacht ar mhaoin trí sheolta poist.

Tosaíodh ar dhigitiú ar theorainneacha cláraithe dáileachtaí talún i ngach contae ar leith i 2006 chomh maith agus déanadh beochan ar na dáileachtaí do Chontae Longfoirt i Mí na Nollag. Déanfar digitiú ar na 25 contae atá fágtha sna cúig bliana atá romhainn agus nuair a bheidh sin críochnaithe meastar go mbeidh 15 milliún teorainn dhigiteach ann.

Thuas: Mapa Digiteach ÚCM forleagtha le hortafóta

Ar clé : Mapa Digiteach ÚCM ag léiriú teorainneacha cláraithe agus síolphointí.

Athchóiriú agus Nua-aoisiú

R-THIOLACADH – TUARASCÁIL LRC

D'fhoilsigh an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí a thuarascáil "r-Thíolacadh: Múnlú Chóras Tíolacaidh na hÉireann" in Aibreán 2006 tar éis dóibh í a phlé. Glacadh sa tuarascáil, a choimisiúnaigh an Coimisiún ó Bearing Point, le hanailís agus le moltaí Bearing Point. Foilsíodh tuarascáil Bearing Point mar Aguisín le Tuarascáil an Choimisiúin.

Ar na príomh-mholtaí i dtuarascáil Bearing Point tá bunú Bord Tionscadail ina dtarraingeofaí ó eochairpháirtithe leasmhara na hearnála poiblí agus na hearnála príobháidí le saintéarmaí tagartha le comhordú a dhéanamh ar an gcéad chéim eile i bhforbairt chórais r-tiolacaidh d'Éirinn. Dob é príomhchúram don Bhord Tionscadail molta ná grinnmheasúnú a dheánamh ar an múnla r-thíolacaidh ab oiriúnaí in Éirinn.

AN BILLE UM ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ TALÚN AGUS TÍOLACTHA

Soláthraíonn an Bille um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha 2006, ar ritheadh a chéimeanna uile sa Seanad, athchóiriú agus nua-aoisiú cuimsitheach ar an dlí um thalamh agus um thíolacadh. Déanfaidh sé aisghairm ar bhreis is 150 reacht réamh-1922 agus cuirfidh forálacha atá níos oiriúnaí do chúinsí nua-aoiseacha ina n-áit. Cuimsíonn sé leasuithe chomh maith don Acht um Chlárú Teidil, 1964 rud a chuideoidh leis an Údarás ina chuid feidhmiúchán, e.g. maidir le morgáiste breithiúnais, úinéireacht 'teoranta'.

Trí nuashonrú agus príomhshruthú a dhéanamh ar an réimse seo dlí, déanfaidh an Bille simpliú ar an bpróiseas tíolactha talún agus a cláraithe. Áiseoidh sé chomh maith e-Chlárú agus e-Thíolacadh a tabhairt isteach. Ar na cúiseanna sin is fada leis an Údarás a achtaithe agus a fheidhmithe.

I DTREO 2016 (T16)

Éilíonn I dTreo 2016 (T16), comharba Buanú an Dul Chun Cinn, go bhfeidhmeofaí Clár uaillmhianach Nua-aoisithe Seirbhíse Poiblí dírithe ar fheabhas a chur ar sheachadadh seirbhísí ag an Seirbhís Phoiblí dá saoránaigh uile. Forbraíodh agus aontaíodh an Plean Gníomhaíochta T16 don Údarás Clarúcháin Maoine ag Coiste Páirtíochta na gClárlann i nDeireadh Fomhair 2006. Díríonn na tiomantais sa Phlean Gníomhaíochtaí seo ar leanúint de leas a bhaint as na deiseanna a sholáthraíonn an teicneolaíocht agus ar thógáil ar acmhainn na foirne agus na heagraíochta le táirgeadh a mhéadú níos mó fós agus le feabhas a chur ar rochtain ar sheirbhísí an Údaráis.

Trí chéad bliain Chlárlann na nGníomhas

TRÍ CHÉAD BLIAIN CHLÁRLANN NA NGNÍOMHAS

Dob é Clárlann na nGníomhas an chéad oifig a chruthaíodh le plé le clárú ar idirbhearta a bhain le talamh na hÉireann. Bunaithe ag Acht de Pharlaimint na hÉireann i 1707, tá sé anois ar tí dul isteach ina bliain trí chéad. Is cuí agus is cóir go ndéanfaí ceiliúradh ceart ar an ócáid seo. Sheol Iar-Bhreitheamh na Cúirte Uachtaraí Catherine McGuinness an ceiliúradh foirmeálta ar an 20ú Samhain 2006 agus mar chuid den cheiliúradh tugadh faoi thionscnaimh áirithe nó tá a leithéidí beartaithe.

Dob é an chéad cheann díobh seo scannán dar teideal "From the Quill to the Electronic Age" a insíonn scéal Chlárúcháin na Talún in Éirinn, scannán a bhí ina thoradh ar chomhiarracht ina raibh foireann na Clárlainne agus speisialtóirí gairmiúla déanta scannán rannpháirteach. Roinneadh an DVD ar an bhfoireann uile ar seirbhís agus ar scor agus ar raon de pháirithe leasmhara cuí. Cuireadh ar fáil freisin é le léiriú ar-líne trí shuíomh gréasáin an Údaráis.

Féilire cuimhneacháin dhá bhliain ab ea an dara mír. De bhrí gur achtaíodh an Acht i 1707 agus gur thosaigh Clárlann na nGníomhas ar a gnó i 1708 bhí sé cuí an dá bhliain a chuimsiú sa bhféilire seo rud a chuir le luach an fhoilseacháin chomh maith le ceiliúradh fíor agus cuí a dhéanamh ar an Trí Chéad Bliain.

Tugadh faoin tríú tionscnamh i bpáirt leis An bPost – seirbhís náisiúnta poist na hÉireann – a tháirgeoidh stampa cuimhneacháin, le seoladh i rith 2007 agus a bheidh ina bhealach sármhaith leis an tráth seo i stair na heagraíochta a cheiliúradh.

Beidh comhdháil idirnáisiúnta ar a ndéanfar óstaíocht i gCaisleán Bhaile Átha Cliath i Meán Fómhair 2007 ina sméar mullaigh ar an gceiliúradh. Meallfaidh an chomhdháil chuici toscairí ó Chlárlanna Talún agus eagraíochtaí gaolmhara ar fud an domhain. Ag cur san áireamh raon leathan éagsúl na gclár athruithe atá ar siúl sna heagraíochtaí agus sna dlínsí sin tá an chomhdháil tráthúil agus soláthróidh sí deis leithleach le faisnéis agus tuairimí a mhalartú le hionadaithe ó Chlárlanna ón gcoigríoch.

Cumainn Eorpacha

SEIRBHÍS FAISNÉISE TALÚN NA HEORPA (EULIS)

Is foraidhm do thionscadal EULIS taiscéalú a dhéanamh ar cheisteanna a bhaineann le soláthar rochtana ar fhaisnéis ar úinéireacht maoine trasteorainneacha, ag úsáid an idirlín mar mheán seachadta, agus ar an mbealach sin coinníollacha níos fearr a chothú d'iasachtaithe agus d'iasachtóirí atá ag feidhmiú laistigh de mhargadh creidmheasa na hEorpa. Cuid thábhachtach d'fhorbairt dá leithéid sin is ea cruthú rochtana idirnáisiúnta ar líne ar chláir talún agus maoine.

Is é is fís don todhchaí ná go mbeadh teacht go héasca ag custaiméirí ar fhaisnéis faoi mhaoine indibhidiúla cláraithe ag eagraíochtaí Clárúcháin Talún ar fud na hEorpa agus go mbeadh rochtain éasca acu chomh maith ar gach faisnéis tagartha is gá ar na seirbhísí clárúcháin talún agus maoine a sholáthraítear, agus ar an timpeallacht dlíthiúil a bhaineann le hábhar, i ngach tír rannpháirteach Eorpach.

Chuaigh an tÚdarás Clárúcháin Maoine isteach in EULIS go foirmeálta ar an 21ú Samhain 2006. Tosófar ar an obair theicniúil le seirbhísí ar-líne an Údaráis a chur ar fáil do bhalltíortha eile EULIS go luath i 2007. Meastar don Údarás go mbeifear i riocht seirbhísí beo a thairiscint trí thairseach EULIS www.eulis.org sa chéad leath de 2007.

Gabhann ÚCM isteach in EULIS go foirmeálta

Cairt do Chustaiméirí

CAIRT DO CHUSTAIMÉIRÍ

SPRIOCANNA UM SHEACHADADH SEIRBHÍSÍ - CLÁRLANN NA TALÚN

Baineadh amach na spriocanna um sheachadadh seirbhísí do chóipeanna fóiliónna a iarradh trín Seirbhís Rochtana Leictreonach (EAS) agus sáraíodh iad ar uaire i gcaitheamh 2006.

Tá an sprioc ar eisiúint fóilióchóip/pleananna comhadaithe trín SRL socraithe ar 80% le heisiúint laistigh de 1 lá oibre. Cé go raibh an t-aschur 11% faoi bhun na sprice do 2006 trí chéile, ní raibh na moilleanna ar an aga slánúcháin róshuntasach.

Bhí na fígiúir do chríochnú cuardaithe mapála faoi bhun na sprice chomh maith i rith 2006. Ar a shon sin, le rolláil amach leanúnach an Chóras Digiteach Mapála, meastar go ndéanfar dul chun cinn suntasach sa réimse seo i rith 2007.

Sáraíodh an sprioc ar infhaighteacht uimhreacha tagartha do déileálacha a lóisteáladh tríd an bpost nó ag cuntair phoiblí i gcaitheamh 2006. Bhí uimhreacha tagartha déileála ar fáil trí landdirect laistigh de 1.4 lá.

SPRIOCANNA UM SHEACHADADH SEIRBHÍSÍ – CLÁRLANN NA NGNÍOMHAS

Baineadh amach na spriocanna uile um sheachadadh seirbhísí a leagadh amach i gCairt do Chustaiméirí Chlárlann na nGníomhas i rith 2006.

ROCHTAIN AR ÁISEANNA

Tá suíomh gréasáin an Údaráis géilliúil do Leibhéal A Géilliúlachta do Threoirlínte Rochtana ar Ábhar Gréasáin an W3C.

Tugadh faoi tionscadal le feabhas a chur ar rochtain ar an oifig i Sráid na Seansaireachta i 2006. Mar chuid den obair seo, cuireadh isteach áiseanna rochtana do limistéir phoiblí laistigh den oifig agus áiseanna leithris inrochtana ag cathaoireacha rotha.

SEIRBHÍS TRÍ GHAEILGE

Faoi théarmaí Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, d'ullmhaíodh dréachtscéim Gaeilge bunaithe ar threoirlínte a d'ullmhaigh an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta. D'aithníodh an áirithe sin ceisteanna dlíthiúla maidir leis an gClár a sholáthar i nGaeilge. Lorgaíodh comhairle ar Roinn na Gaeltachta agus ar Oifig an Ard-Aighne agus cuimsíodh sin sa dréacht deiridh. Leagann an scéim amach leibhéal na seirbhíse atá á sholáthar faoi láthair ag an Údarás Clárúcháin Maoine i mBéarla agus i nGaeilge agus na beartais a dtabharfar fúthu le feabhas a chur ar na seirbhísí a bheidh ar fáil i nGaeilge le saolré na scéime. Meastar go bhfoilseofar an dréacht deiridh den scéim go luath i 2007.

SOLÁTHAR FAISNÉISE

TREORACHA CLEACHTAIS

Leanadh isteach in 2006 den chlár le athcheartú agus le nuashonrú a dhéanamh ar na Treoracha Cleachtais reatha (PDanna) a tosaíodh i 2005. Déanadh athcheartú agus foilsiú ar na trí PDanna reatha i 2006 agus foilsíodh ceithre Threoir Cleachtais nua. Tá athcheartú ar ocht PD eile go maith faoi sheol agus foilseofar iad seo i 2007. Beidh na Treoracha Cleachtais nuashonraithe ina gcuid den bhfoilseachán athcheartaithe faoi Alt 16 de na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise 1997 & 2003 a fhoilseofar i bhformáid leictreonach amháin mar a cheadaítear faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise. Breacadh fógraí dlíthiúla oifige a eisíodh i rith 2006, a bhain le hathruithe i gcleachtas oifige, ar shuíomh gréasáin an Údaráis faoi Treoir Chleachtais 47.

Scrúdan Seachtrach

GRÚPA DEIMHNITHE FEIDHMIÚCHÁIN

I gcaitheamh 2006 chuir na Clárlanna dhá thuarascáil faoi bhráid an Ghrúpa Deimhnithe Feidhmiúcháin ag sonrú an dul chun cinn a bhí déanta ar Phlean Gníomhaíochta na gClárlann faoi Bhuanú an Dul Chun Cinn. Rinne an GDF scrúdan ar na tuarascála agus dheimhnigh dul chun cinn sásúil ar chlár nua-aoisithe na gClárlann. Tá sainghnóthachtála na gClárlann i gcaitheamh 2006 sonraithe áit eile sa tuarascáil bhliantúil seo.

CEISTEANNA PARLAIMINTE

D'fhonn cuidiú le soláthar níos tráthúla ar fhaisnéis do bhaill na Dála agus an tSeanaid agus le laghdú a dhéanamh ar an ngá le Ceisteanna Parlaiminte maidir le stádas reatha iarratais ar feitheamh, tugadh isteach seirbhís nua i mBealtaine 2006 do na T.Danna agus na Seanadóirí uile. Bunaíodh seoladh tiomnaithe r-phoist arbh fhéidir gach ceist den chineál sin a chur chuige. Soláthraíonn an tseirbhís nua seirbhís níos tapúla agus níos costaséifeachtaí do bhaill an Oireachtais

IARRATAIS SAORÁLA FAISNÉISE

Tugadh trí Iarratas Saorála Faisnéise (SF) ar aghaidh ó 2005. Fuarthas 32 iarratas eile i 2006 ar géilleadh do 2 cheann, ar géilleadh méid áirithe do 6 chinn ar diúltaíodh do 7 gcinn agus tarraingíodh siar 16 agus déileáladh leo lasmuigh de na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise. Ag deireadh 2006, bhí 4 chás fós beo.

Lean an tOifigeach um Shaoráil Faisnéise ag déanamh ionadaíochta ar an oifig ag Gréasán Úsáideoirí na Státseirbhíse, Gréasán SF agus ag an nGrúpa Oibre Idir-rannach SF.

FORLEATHADH ACHTANNA SF

Ar an 31ú Bealtaine i 2006. Tugadh an Coiste um Rialacha Cláraithe Teideal faoi réir na nAchtanna Saorála Faisnéise. Ní bhfuarthas aon iarratais maidir leis an gCoiste um Rialacháin 2006

PRÓISEAS UM GHEARÁIN

Fuarthas sé ghearán agus pléadh leo faoi phróiseas um ghearáin an Údaráis i 2006.

GRÚPA FÓCAIS CUSTAIMÉARA

Tháinig an fóram seo le chéile mórán uaire i rith 2006. Sholáthair na cruinnithe seo deis leanúnach do chomhairliúchán ar raon de cheisteanna agus do leathadh faisnéise ar aon athruithe a bhí á bpleanáil nó á dtabhairt isteach.

Seimineáir

SEIMINEÁIR

Réimse foráis ghníomhaíochta le blianta beaga anuas is ea rannpháirtíocht foirne an Údaráis Chlárúcháin Maoine i seimineáir / comhdhála / cúrsaí traenála do ghrúpaí éagsúla. Bhí oifigigh ÚCM rannpháirteach agus rinne léiriúcháin ar éagsúlacht topaicí ag semineáir agus cúrsaí éagsúla traenála d'aturnaetha agus do chustaiméirí eile i gcaitheamh 2006. Chuimsigh sin:

An tAcht um Chlárú Gníomhas agus Teidil 2006 - Ollchumann Dlí na hÉireann, Cumann Barra Thiobraid Árann, Cumann Dlí Chiarraí, Comhdháil um Athchóiriú Dlí Talún agus Dlí Tíolactha (UCC).

Gnéithe de chéadchlárú - Toghaí Tiolacaidh an Ollchumann Dlí, Cumainn Dlí agus Cumainn Bharra i mBaile Átha Luain, Ciarraí, Ros Comáin agus Tiobraid Árann.

Mapáil Dhigiteach/landdirect.ie – Scoileanna Dlí (Baile Átha Cliath agus Corcaigh), an Cumann Suirbhéirí Cairte, Comhdháil Idirnáisiúnta na Suirbhéirí (FIG) i München, Comhdháil Shuirbhéireacht Éireann IRLOGI, Teagasc, Grúpa Fócais Chustaiméara, Gníomhaireachtaí Cuardach Dlí, Gníomhaireachta Eastáit i Luimneach agus i gCorcaigh, Cumainn Dlí agus Cumainn Bharra i mBaile Átha Luain, Ciarraí, Ros Comáin agus Tiobraid Árann.

Forbairtí sna Clárlanna le déanaí – Cumainn Dlí agus Cumainn Bharra i mBaile Átha Luain, Ciarraí agus Tiobraid Árann.

r-Chlárú agus r-Thíolacadh – Foghrúpa Cheithre Chlárann r-Thiolacadh agus r-Chlárú, Comhdháil Astraláiseach, An Banc Domhanda, Cruinniú cinn bhliana ag EULIS (Seirbhís Faisnéise Talún na hEorpa).

Scileanna Chlárlann na Talún – Cúrsa CLT (Éire) do Rúnaithe Dlíthiúla.

CUAIRTEOIRÍ AR NA CLÁRLANNA

Rinneadh óstaíocht ar raon de chuairteanna ar an dá Chlárlann i rith 2006. Lean ionadaíocht an PRA ag an áirithe sin fóram Eorpach ar cheisteanna a bhain le clárú na talún. Le blianta beaga anuas agus úsáid an idirlín ag dul i méid tá teagmháil agus cumarsáidí luachmhara cumasaithe ar raon fairsing topaic ar suim leis na Clárlanna iad.

Acmhainní Foirne

ACMHAINNÍ FOIRNE

Ar an 31ú Nollaig 2006 dob ann do:

- 714 duine, i 656.6 post dlíthiúil, riaracháin agus teicniúil san Údarás Clárúcháin Maoine
- 162 ball foirne (23% den bhfórsa oibre) ag baint leasa as roghanna postroinnte
- 66 ball foirne a d'fhág an tÚdarás Clárúcháin Maoine in 2006 trí éirí as, dul ar scor, aistrithe agus sosa gairme.
- Rinneadh eagrú ar earcaíocht foirne, buan agus sealadach, trí na Seirbhísí Ceapacháin Phoiblí. D'aistrigh foireann isteach san Údarás chomh maith de bhun clár díláraithe an Rialtais.

Lean na Clárlanna de raon solúbtha de shocruithe oibre a thairiscint don bhfoireann, ag áireamh fleisc-ama, postroinnt agus saoire le linn téarma.

DÍLÁRÚ

Bhí feidhmiú leanúnach chlár díláraithe an Rialtais ina eochairthionscadal don Údarás i rith 2006. Glacadh mórchéim chun tosaigh sa phlean le 230 ball foirne a dílárú go baile Ros Comáin nuair a sealbhaíodh cóiríocht shealadach i dTithe an Rialtais, Bóthar an Chlochair, Ros Comáin. Cheadaigh seo don Údarás aonad lánfheidhmeach le foireann de 33 a shuíomh i Ros Comáin. Tá tiomantas tugtha ag OPW cóiríocht shealadach áirithe breise a sholáthar agus beidh sin ar fáil i 2007.

Tá suíomh aimsithe do bhuanoifigí díláraithe d'oifig Ros Comáin an Údaráis Chláraithe Maoine agus meastar don OPW go mbeidh an foirgneamh nua lánchoimisiúnaithe faoi 2010.

In éineacht leis an dul chun cinn maidir le cóiríocht, i 2006, tharla aistriú foirne isteach is amach as an Údarás do tionscnamh díláraithe agus dílárú tionscadal Ranna agus Oifigí eile. Tarlaíonn cailliúint shuntasach sainscile de thoradh gluaiseachta den chineál sin don eagraíocht agus cúisíonn sí leithdháileadh suntasach acmhainní chun traenála.

Tuarascáil Airgeadais

TUARASCÁIL AIRGEADAIS

IONCAM

Tháinig na táillí a fuair an tÚdarás Clárúcháin Maoine in airgead tirim, seiceanna, stampaí ioncaim etc., go €78.7m i 2006 i comparáid le €69.1m i 2005. Ba mhéadú de €9.6m nó 14% é seo thar ioncaim 2005.

CAITEACHAS

Rinneadh fíorchaiteachas as Vóta an Údaráis Clárúcháin Maoine do 2006 de €38.2m (i gcomparáid le €36.6m do 2005 – méadu de 4%) rud ab ionann le breis ioncaim ar chaiteachas de €40.5m (i gcomparáid le €32.5m do 2005).

Den suim iomlán de €38.2m a caitheadh, caitheadh €28m ar thuarastail agus ar ragobair; b'ionann seo agus 73% den ollchaiteachas, i gcomparáid le 72% i rith 2005. I rith 2006 mhéadaigh an caiteachas ar thuarastail agus ragobair faoi €1.8m nó 7% thar 2005.

Bhí iomlán Caiteachais Reatha de €35.1m ann i 2006 i gcomparáid le €32.4m do 2005 (méadú de €2.7m).

Bhí iomlán Caiteachais Caipitil de €3.1m ann i 2006 i gcomparáid le €4.2m do 2005 (laghdú de €1.1m).

Agus na costais seo a leanas san áireamh:

- €2.7m faoi Vóta 7 – Aoisliúntas agus Liúntais Scoir
- €4.3m faoi Vóta 10 – Oifig na nOibreacha Poiblí

  (€1.9m Reatha agus €2.4m Caipiteal)
- Cíosanna nóiseanacha €4m ar mhaoin Stáit

Mhéadaigh an caiteachas iomlán in 2006 go dtí €49.2m rud a fhágann breis nóiseanach d'ioncam thar chaiteachas de €29.5m do 2006 (i gcomparáid le €23.6m do 2005).

Ciallaíonn an t-iomlán seo méadú €5.9m nó 25% ar 2005.

BREIS BUNAITHE AR CHUNTASACHT FABHRAITHE:

Mar a rianaíodh, bhí teacht isteach airgid thirim de €78.7m ag an Údarás Clárúcháin Maoine in 2006 agus bhí caiteachas in airgead tirim de €38.2m ann i 2006 – breis de €40.5m i dtéarmaí

shreabhadh airgid thirim. Déanann an bonn seo feidhmiúcháin eisiamh áfach ar an áirithe sin costas a bhaineann le seirbhísí gaolmhara

1. Costais nóiseanacha d'aoisliúntais a íoc le fostaithe ar scor, costais chóiríochta ar sheacht bhfoirgneamh agus costais a bhaineann le seirbhísí arna soláthar ag ranna eile rialtais – nuair a chuirtear iad seo san áireamh titeann an bhreis de €40.5m go dtí €29.5m.

2. Socraítear táillí an Údarás Clárúcháin Maoine trí thagairt don chostas a bhaineann le soláthar na seirbhísí uile. Cuimsíonn an figiúr de €78.7m in ioncam airgid tirim thart ar €6.1m ar obair nár críochnaíodh i rith 2006. Críochnófar an obair seo i 2007 ach ní féidir é a áireamh mar ioncam i 2006 faoin gcuntasacht fabhraithe. Ionann an teacht isteach airgid tirim seo agus réamhíocaíocht ag an gcustaiméir agus mar sin ní mór é a eisiamh ón mbreis de €29.5m atá léirithe thuas.

Á chur seo san áireamh is ann do bhreis de €23.4m do 2006 i gcomparáid le €26m do 2005.

ACHT UM ÍOC PRAS CUNTAS 1997

Is é polasaí an Údaráis Chlárucháin Maoine é géilleadh go hiomlán do théarmaí an Achta um Íoc Pras Cuntas 1997. Tá próiseas curtha ann ag an ÚCM lena chinntiú go n-íoctar gach aon sonrasc laistigh den teorainn reachtúil ama. Cé gur dearadh na próisis le géilliúlacht don Acht a chinntiú, ní sholáthraíonn siad ach cinnteacht réasúnta nach ionann is amach is amach in aghaidh neamhghéilliúlacht ábharthach don Acht.

In 2006 thuill iomlán de 12 sonrasc pionóis um íocaíocht dhéanach. Bhí luach €87,101 san iomlán ar na sonraisc a íocadh déanach. Ionann seo agus 0.9% de na híocaíochtaí ar fad a thit laistigh de théarmaí na Rialachán. D'íocadh iomlán úis de €203.04 ar íocaíochtaí déanacha in 2006.

Tuarascáil Airgeadais

ACHOIMRE AIRGEADAIS 1996 GO 2006

Bliain	Ioncam €	Caiteachas €	Breis €
1996	22,928,402	17,914,884	5,013,518
1997	25,223,579	23,139,419	2,084,160
1998	26,318,600	22,715,105	3,603,495
1999	30,520,749	25,112,953	5,407,796
2000	43,241,436	27,101,290	16,140,146
2001	46,940,178	33,748,457	13,191,721
2002	46,756,661	37,926,803	8,829,858
2003	56,722,653	41,287,974	15,434,679
2004	64,069,840	42,903,579	21,166,261
2005	69,057,542	45,493,585	23,563,957
2006	78,756,868	49,276,688	29,480,180

ACHOIMRE AIRGEADAIS 1996 GO 2006



Aguisín 1

Sreabhadh Oibre Chlárlann na Talún – na Catagóirí Uile

Chun críche comparáide léiríonn an tábla seo na figiúir do 2006, 2005 agus 2004 ar an 31ú Nollaig.

Cineál Iarratais	Bliain	Iontógáil	Aschur	Cásanna faoi fhiosrú	Obair idir lámha
Déileálacha	2006	242,476	220,072	35,617	139,029
	2005	211,167	221,815	37,282	115,493
	2004	197,534	210,308	41,233	122,445
Cásanna Scrúdaitheora Agus Alt 49	2006	4,205	4,035	4,347	5,703
	2005	4,286	4,651	4,745	4,703
	2004	4,491	3,980	4,100	5,042
Iarratais Bunchíosanna	2006	1,576	1,585	965	441
	2005	1,543	1,213	966	727
	2004	1,629	1,440	748	368
Cásanna Choimisiún Na Talún	2006	464	1,385	878	3,812
	2005	263	676	853	4,733
	2004	515	527	784	5,146
Deimhnithe Talún	2006	28,171	28,431	*	1,344
	2005	41,979	42,115		1,604
	2004	44,729	45,615		1,740
Pleananna Comhadaithe & Cóipeanna Fóiliónna	2006	219,477	217,126	*	4,894
	2005	221,333	222,410		2,543
	2004	216,260	219,070		3,620
Faomhadh Mapa Scéime	2006	2,082	1,520	*	1,385
	2005	2,036	1,257		823
	2004	1,859	2,120		606
Cóip Ionstraimí	2006	12,331	11,943	*	2,477
	2005	12,034	11,742		2,089
	2004	10,568	10,043		1,797
Cuardaigh Mapa	2006	5,417	5,451	*	96
	2005	6,294	6,331		130
	2004	5,310	5,248		167
Deimhnithe Ar Mhuirear	2006	66,918	66,972	*	49
	2005	72,115	72,192		103
	2004	68,495	68,493		180

*Níl líon na gcás faoi fhiosrú suntasach na catagóirí seo agus ní eiseofar a thuilleadh deimhnithe talún nó deimhnithe muirir tar éis 1ú Eanáir 2007.

Teagmhálacha

An tÚdarás Clárúcháin Maoine

CLÁRLANN NA TALÚN

Bunaíodh an tÚdarás Clárúcháin Maoine ar an 4 Samhain 2006. Na priomhfheidhmeanna atá ag an ÚCM ná bainistiú agus rialú a dhéanamh ar Chlárlann na Talún agus ar Chlárlann na nGníomhas. Tá ceithre chomhoifig in Ard-Oifig Chlárlann na Talún:

1: Sráid Seansaireachta, Baile Átha Cliath 7, DX 228
Fón: (01) 670 7500 nó LoCall 1890 333 001
Oifig Phoiblí ar Oscailt: 10.30r.n.-4.30i.n.
- Grúpaí Oibre Tíreolaíocha do Chontaetha an Chabháin, Dhún na nGall, Liatroma, Longfoirt, Lú, na Mí, Mhuineacháin, na hIarmhí.

2: Bloc 1, Urlár 1, Irish Life Centre, Sráid na Mainistreach Íochtarach, Baile Átha Cliath 1, DX 232
Fón: (01) 670 7500 nó LoCall 1890 333 001
Oifig Phoiblí ar Oscailt: 10.30r.n.-4.30i.n.
- Grúpaí Oibre Tíreolaíocha do Chontaetha Chill Dara, Chill Mantáin
- Bunchíosanna do na contaetha uile.

3: Foirgneamh Nassau , Lárionad Setanta, Sráid Nassau , Baile Átha Cliath 2, DX 227
Fón: (01) 670 7500 nó LoCall 1890 333 001
Oifig Phoiblí ar Oscailt: 10.30r.n.-4.30i.n.
- Grúpaí Oibre Tíreolaíocha do Chontaetha an Chláir, Bhaile Átha Cliath, na Gaillimhe, Mhaigh Eo, Ros Comáin, Shligigh.

4: Bóthar Chorcaí, Port Láirge, DX 44090
Fón: (051) 303 000 nó LoCall 1890 333 002
Oifig Phoiblí ar Oscailt: 10.30r.n.-4.30i.n.
- Grúpaí Oibre Tíreolaíocha do Chontaetha Cheatharlach, Chorcaí, Chiarraí, Chill Chainnigh, Laoise, Luimnigh, Uíbh Fhailí, Thiobraid Árann, Phort Láirge, Loch Garman.

Clárlann na nGníomhas
Déileáileann leis na Chontaetha uile
Seoladh: Sráid Henrietta, Baile Átha Cliath 1
Fón: (01) 670 7500 nó LoCall 1890 333 001
Oifig Phoiblí ar Oscailt: 10.00r.n.-4.30i.n.

Bunchíosanna
Déileálann leis na contaetha uile
Seoladh: Bloc 1, Urlár 1, Irish Life Centre, Sráid na Mainistreach Íochtarach, Baile Átha Cliath 1
Fón: (01) 670 7500 nó LoCall 1890 333 001
Oifig Phoiblí ar Oscailt: 10.30r.n.-4.30i.n.

www.prai.ie